AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2025
COM(2025) 431 final

2025/0242 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an dara seisiún urghnách den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an dara seisiún urghnách den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (CCCM/ES.2), atá le bheith ar siúl ón 14 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2025.

Le linn an tseisiúin sin, tá sé beartaithe ag CCCM leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) a ghlacadh.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Is é is cuspóir do IMO fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingeas atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, tá sé d'aidhm aige glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Pléann sé freisin leis na hábhair riaracháin agus dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

Is Coinbhinsiún IMO é an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc a tugadh i gcrích in 1973 (Coinbhinsiún MARPOL), a tháinig i bhfeidhm an 2 Deireadh Fómhair 1983. Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe i MARPOL agus tá 25 Bhallstát ina bpáirtithe in Iarscríbhinn VI freisin[1], a tháinig i bhfeidhm an 18 Bealtaine 2005. Níl an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún MARPOL.

2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht agus slándáil loingis agus as truailliú muirí ó longa a chosc. Is é IMO an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil an loingis idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála cóir éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingis, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is Stáit amháin ar féidir leo cur isteach ar bhallraíocht in IMO. Is ar Rún IMO A.1168(32) atá caidreamh an Choimisiúin Eorpaigh le IMO bunaithe, rún lena bhforordaítear na nósanna imeachta agus na téarmaí le haghaidh an chomhair idir IMO agus eagraíochtaí idir-rialtasacha. Ar bhonn an Rúin IMO sin agus socruithe breise ó 1974 i leith, tá an Coimisiún Eorpach rannpháirteach mar bhreathnóir i ngach cruinniú de Choiste IMO agus den Fhochoiste.

Tá comhaltaí uile IMO ar Choiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) agus bíonn cruinniú aige sin uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tugann sé aghaidh ar

[1] Níl Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL daingnithe ag an Ostair ná ag an Ungáir go fóill.

shaincheisteanna comhshaoil atá faoi raon feidhme na hEagraíochta a mhéid a bhaineann le rialú agus cosc truaillithe ó longa a chumhdaítear faoi choinbhinsiún MARPOL, lena n-áirítear truailliú ó ola, ó cheimiceáin a iompraítear i mbulc, ó shéarachas, ó dhramhaíl agus ó astaíochtaí ó longa isteach san aer, lena n-áirítear truailleáin aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ar na hábhair eile a chumhdaítear tá bainistiú uisce ballasta, córais frithsmálaithe, athchúrsáil long, ullmhacht agus freagairt i dtaca le truailliú, agus aithint limistéar speisialta agus limistéar farraige lena mbaineann íogaireacht ar leith.

De bhun Airteagal 38(a) de Choinbhinsiún IMO, comhlíonann an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí aon dualgas a shannann Coinbhinsiún IMO, Comhthionól IMO nó Comhairle IMO dó, nó aon dualgas faoi chuimsiú an raoin feidhme thuasluaite a d'fhéadfaí a shannadh dó le haon ionstraim idirnáisiúnta eile nó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a nglacfadh IMO leis. Is trí thromlach dá gComhaltaí a ghlactar cinntí an Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí agus a fhochomhlachtaí.

Glacfaidh CCCM/ES.2 leasuithe ar MARPOL i gcomhréir le hAirteagal 16, mír (2), fophointí (b), (c) agus (d) den Choinbhinsiún. Sonraítear an méid seo a leanas sna forálacha sin:

(b) aon leasú a mholfar agus a scaipfear mar a dhéantar thuas, cuirfidh an Eagraíocht é faoi bhráid comhlacht iomchuí lena bhreithniú;

(c) beidh Páirtithe sa Choinbhinsiún, bídís ina gcomhaltaí den Eagraíocht nó ná bíodh, i dteideal páirt a ghlacadh in imeachtaí an chomhlachta iomchuí;

(d) is trí thromlach dhá thrian de na Páirtithe sa Choinbhinsiún a bheidh i láthair agus a vótálfaidh a ghlacfar leasuithe.

I gcomhréir le hAirteagal 16(2)(f), measfar go bhfuiltear tar éis glacadh le leasú sna himthosca seo a leanas:

(ii) measfar go bhfuiltear tar éis glacadh le leasú ar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún de réir an nós imeachta a shonraítear i bhfomhír (f)(iii) mura gcinnfidh an comhlacht iomchuí, tráth a ghlactha, go measfar an leasú a bheith glactha ar an dáta a ghlacfaidh dhá thrian de na Páirtithe leis, a ndéanann a bhflíteanna trádála comhcheangailte suas caoga faoin gcéad ar a laghad d'olltonnáiste chabhlach trádála an domhain. Mar sin féin, tráth ar bith roimh theacht i bhfeidhm leasaithe ar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí na hEagraíochta go mbeidh gá lena fhormheas sainráite sula dtiocfaidh an leasú i bhfeidhm ina leith. Cuirfidh Ard-Rúnaí na hEagraíochta an fógra sin agus an dáta a fuarthas é ar a súile do na Páirtithe;

(iii) measfar go bhfuiltear tar éis glacadh le leasú ar Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ndeireadh tréimhse atá le cinneadh ag an gcomhlacht iomchuí tráth a ghlactha, ar tréimhse í nach lú ná deich mí, mura rud é, laistigh den tréimhse sin, go gcuireann ceann den dá ghrúpa seo a leanas agóid in iúl don Eagraíocht: trian ar a laghad de na Páirtithe; nó na Páirtithe a ndéanann a gcabhlaigh trádála i dteannta a chéile suas caoga faoin gcéad ar a laghad d'olltonnáiste chabhlach trádála an domhain;

Ar bhonn na bhforálacha thíos faoi Airteagal 16(2)(g), tiocfaidh an leasú i bhfeidhm faoi na coinníollacha seo a leanas:

(i) i gcás leasú ar Airteagal den Choinbhinsiún, ar Phrótacal II, nó ar Phrótacal I nó ar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nach bhfuil faoin nós imeachta a shonraítear i bhfo-mhír (f)(iii), tiocfaidh an leasú ar glacadh leis i gcomhréir leis na forálacha sin roimhe seo i bhfeidhm sé mhí tar éis an dáta a glacadh leis maidir leis na Páirtithe a dhearbhaigh gur ghlac siad leis;

(ii) i gcás leasú ar Phrótacal I, ar Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn nó le hIarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún faoin nós imeachta a shonraítear i bhfomhír (f)(iii), tiocfaidh an leasú a mheastar é a bheith glactha de réir na gcoinníollacha sin roimhe seo i bhfeidhm sé mhí tar éis a ghlactha i gcás na bPáirtithe uile, cé is moite díobh siúd a bhfuil dearbhú déanta acu, roimh an dáta sin, nach nglacann siad leis nó dearbhú faoi fhomhír (f)(ii), gur gá a bhformheas sainráite.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí IMO

An 14 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2025, le linn an dara seisiún urghnách a bheidh aige, tá CCCM le leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

an tAtlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar nua um Rialú Astaíochtaí (LRA) (rialacháin 13 agus 14 agus Foscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL);

inrochtaineacht Bhunachar Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) agus clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le GCT a laghdú (rialacháin 20, 25, 27 agus 28); agus

Creat Glan-Nialasachta IMO (caibidil 5 nua).

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS SA SEISIÚN URGHNÁCH DEN CHOISTE UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL MHUIRÍ

3.1. Leasuithe ar rialacháin 13 agus 14 agus ar Fhoscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL

Chuir Ballstáit an Aontais agus an Coimisiún Eorpach, in éineacht leis an Ríocht Aontaithe, an Íoslainn, an Danmhairg (an Ghraonlainn), Oileáin Fharó doiciméad faoi bhráid CCCM 83, inar moladh an tAigéan Atlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar Rialaithe Astaíochtaí le haghaidh ocsaídí sulfair, ábhar cáithníneach agus ocsaídí nítrigine, de bhun Iarscríbhinn VI a ghabhann le CCCM. Tá an Coimisiún ag glacadh páirt ghníomhach san obair ullmhúcháin in éineacht leis na stáit chladacha faoi chomhordú thoscaireacht na Portaingéile.

Chinn an Grúpa Teicniúil maidir le hAinmniú Limistéar Mara Íogaire Áirithe agus Limistéar Speisialta gur chomhlíon an Chúirt Iniúchóirí atá beartaithe na critéir a leagtar amach i Roinn 3 d'Fhoscríbhinn III a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL. Tar éis toradh an ghrúpa theicniúil a thabhairt dá aire, d'fhormheas CCCM 83 LRA a ainmniú chun SOx, PM agus NOx a rialú don Aigéan Atlantach Thoir Thuaidh d'fhonn é a ghlacadh ag seisiún urghnách CCCM i mí Dheireadh Fómhair 2025 (CCCM /ES.2). Tá na leasuithe sin scaipthe trí Chiorclán IMO Uimh. 5005 an 11 Aibreán 2025.

Ba cheart don Aontas tacú leis an togra a leagtar amach sna dréachtleasuithe athbhreithnithe chun an tAigéan Atlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar Rialaithe Astaíochtaí le haghaidh ocsaídí sulfair, ábhar cáithníneach agus ocsaídí nítrigine, de bhun Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, toisc go rannchuideoidh sé le hastaíochtaí NO_x, SO_x agus PM ó longa a chosc, a laghdú agus a rialú chun tairbhí gaolmhara sláinte agus comhshaoil a bhaint amach agus an tionchar eacnamaíoch ar an earnáil mhuirí a choinneáil inláimhsithe an tráth céanna.

3.2. Leasuithe ar rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL

Bhunaigh CCCM 82 an Grúpa Comhfhreagrais maidir leis an athbhreithniú ar an mbeart gearrthéarmach i dtaca le GCT a laghdú, faoi chomhordú comhpháirteach na Brasaíle, na Seapáine agus an Choimisiúin Eorpaigh.

Ag an gcéad chruinniú a bhí aici, bhreithnigh an Mheitheal Idirsheisiúnach um Thruailliú Aeir agus Éifeachtúlacht Fuinnimh (ISWG-APEE 1), i measc ábhair eile, inrochtaineacht Bhunachar Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) le haghaidh anailíse agus clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le GCT a laghdú.

Maidir le hinrochtaineacht shonraí IMO DCS, bhreithnigh ISWG-APEE 1 tuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais, a raibh sé comhaontaithe ann feabhas a chur ar inrochtaineacht sonraí IMO DCS ag Céim 1. Tar éis na mbreithnithe, d'ullmhaigh an Grúpa dréachtleasuithe ar rialachán 27 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL.

Thug CCCM 83 treoir do Mheitheal APEE, i measc grúpaí eile, bailchríoch a chur ar dhréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL agus ar threoirlínte gaolmhara maidir le hinrochtaineacht DCS IMO.

Tar éis a thabhairt dá haire go ndearna an Mheitheal breithniú breise ar na dréachtleasuithe ar Rialachán 27 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL agus ar threoirlínte gaolmhara maidir le hinrochtaineacht DCS IMO a d'ullmhaigh ISWG-APEE 1, d'fhormheas CCCM 83 dréachtleasuithe ar rialachán 27 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le hinrochtaineacht DCS IMO, d'fhonn iad a ghlacadh ag seisiún urghnách CCCM i mí Dheireadh Fómhair 2025 (CCCM/ES.2). Tá na leasuithe sin scaipthe ag Rúnaíocht IMO trí Chiorclán IMO Uimh. 5005 an 11 Aibreán 2025.

Chuir an tAontas togra isteach maidir leis an ábhar (ISWG-GHG 13/7), inar iarradh leasú a dhéanamh ar DCS a bhaineann le gráinneacht sonraí, sonraí breise agus inrochtaineacht. Tá na dréachtleasuithe comhleanúnach le ISWG-GHG 13/7 maidir le hinrochtaineacht mhéadaithe.

Ba é seasamh an Aontais ag ISWG-APEE 1 agus CCCM 83 tacú leis na dréachtleasuithe ar Rialachán 27.

Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go gcuirfidh siad tuilleadh feabhais ar inrochtaineacht shonraí IMO DCS chun cur chun feidhme láidir chreat CII a áirithiú agus chun a athbhreithniú a éascú.

Maidir leis na clásail i dtaca leis an athbhreithniú ar an mbeart gearrthéarmach, d'ullmhaigh ISWG-APEE 1 dréachtleasuithe ar rialacháin 20, 25 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, agus úsáid á baint as an iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad CCCM 83/6/11, arna n-ullmhú ag an nGrúpa Comhfhreagrais maidir le nuashonrú ar an tagairt do Straitéis IMO agus maidir leis an Athbhreithniú ar Bheart Gearrthéarmach Laghdaithe GCT, mar bhonn.

D'fhormheas CCCM 83 na dréachtleasuithe ar rialacháin 20, 25 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL d'fhonn iad a ghlacadh ag seisiún urghnách CCCM i mí Dheireadh Fómhair 2025 (CCCM/ES.2). Tá na leasuithe sin scaipthe ag Rúnaíocht IMO trí Chiorclán IMO Uimh. 5005 an 11 Aibreán 2025.

Ba é seasamh an Aontais ag ISWG-APEE 1 agus CCCM 83 tacú leis na dréachtleasuithe mar a chuirtear i láthair iad i CCCM 83/6/11.

Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go n-eascraíonn as glacadh Straitéis IMO 2023 maidir le GCT agus as athbhreithniú ar na Bearta Gearrthéarmacha a thabhairt chun críche ag IMO agus fágann sé gur féidir athbhreithniú breise a dhéanamh ar na rialacháin sin.

3.3. An chaibidil nua 5 a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL a thabhairt isteach

Ag CCCM 76 in 2021, d'fhormheas an Coiste Plean Oibre le haghaidh bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha. Le linn an phlé a rinneadh sna seisiúin CCCM agus ISWG-GHG ina dhiaidh sin, tháinig tuairimí éagsúla na dtoscairí níos giorra dá chéile de réir a chéile maidir le gnéithe a bhí fós gan réiteach amhail an amlíne chun an loingseoireacht idirnáisiúnta a threorú i dtreo astaíochtaí GCT nialasacha, an fhéidearthacht astaíochtaí réamhtheachtacha ó tháirgeadh agus dáileadh breosla a chuimsiú, cineál (eacnamaíoch nó teicniúil) na mbeart agus líon agus meascán féideartha na mbeart is gá chun aon chuspóir uileghabhálach a bhaint amach.

Chomhaontaigh CCCM 80 Céim III den Phlean Oibre a thionscnamh maidir le bearta meántéarmacha a fhorbairt, d'fhonn é a bheith formheasta ag CCCM 83 (Earrach 2025). Tá glacadh le linn CCCM urghnách (6 mhí tar éis CCCM 83 – fómhar 2025) comhaontaithe chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm 16 mhí tar éis a ghlactha (2027).

In ISWG-GHG 16 a tionóladh roimh CCCM 81, pléadh bealaí chun ciseán na mbeart meántéarma iarrthach a fhorbairt chun spriocanna Straitéis GCT 2023 IMO a bhaint amach. Rinne ISWG-GHG 17 tuilleadh forbartha ar chiseán an bhirt/na mbeart meántéarma iarrthach agus, go háirithe, chomhaontaigh sé úsáid a bhaint as na dréachtleasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir leis an gcreat glan-nialasachta mar bhonn le tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu. Thug CCCM 82 an dul chun cinn sin faoi deara.

Le linn ISWG-GHG 18, rinneadh tuilleadh plé ar conas ciseán na mbeart meántéarma iarrthach a fhorbairt chun spriocanna Straitéis GCT 2023 IMO a bhaint amach trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le 'creat glan-nialasachta IMO. Cé go raibh toilteanas ann teacht ar chomhthoil, bhí roinnt saincheisteanna fós gan réiteach agus bhí easaontas láidir fós ann a mhéid a bhaineann leis an ngné eacnamaíoch. Is sásra tobhaigh a mhol formhór na dtoscaireachtaí, lena n-áirítear an tAontas, agus bhí toscaireachtaí eile i bhfabhar sásra solúbtha eacnamaíoch a bheadh bunaithe ar leibhéil déine GCT an bhreosla. Le linn ISWG-GHG 18 agus díreach ina dhiaidh, chuir Páirtithe IMO dhá thogra ar leith síos chun éagsúlachtaí a réiteach.

Lean ISWG-GHG 19 den obair ar chreat glan-nialasachta IMO a fhorbairt, obair a lean ar aghaidh le linn CCCM 83 ag an Meitheal um Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú. Tar éis plé fairsing, chuir an Mheitheal bailchríoch ar na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le creat glan-nialasachta IMO agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leo.

Agus na tuarascálacha ó ISWG-GCT 19 agus ón Meitheal um Laghdú Astaíochtaí GCT ó Longa á mbreithniú, d'iarr Páirtí IMO amháin go ndéanfaí vótáil le glaoch rolla i ndáil le formheas na ndréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le creat glan-nialasachta IMO. Sa vótáil le glaoch rolla, caitheadh 63 vóta dheimhneacha, 16 vóta dhiúltacha, agus staon thart ar 25 vóta.

Dá bhrí sin, d'fhormheas CCCM 83 na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL den chreat glan-nialasachta IMO d'fhonn iad a ghlacadh ag seisiún urghnách CCCM i mí Dheireadh Fómhair 2025 (CCCM/ES.2). Tá na leasuithe sin scaipthe trí Chiorclán IMO Uimh. 5005 an 11 Aibreán 2025.

Thacaigh an tAontas le doiciméid éagsúla ina moltar Caighdeán Breosla Gáis Cheaptha Teasa agus tobhach praghsála GCT a fhorbairt agus chuir sé na doiciméid sin isteach. Bhí ról tábhachtach ag an Aontas sa chaibidlíocht le linn sheisiúin éagsúla CCCM agus ISWG-GHG chun an creat glan-nialasachta a fhorbairt. Cuimsítear i gcreat glan-nialasachta IMO caighdeán breosla domhanda nua le haghaidh long agus sásra praghsála domhanda le haghaidh astaíochtaí.

Ba cheart don Aontas tacú leis an gCaibidil 5 nua toisc go gcuimsítear inti forálacha atá ceaptha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ó loingseoireacht idirnáisiúnta a laghdú, forálacha a bhfuil sé d'aidhm acu glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa (GCT) a bhaint amach faoi 2050. Beidh sé ina bhunús láidir freisin le haghaidh aistriú fuinnimh riachtanach na loingseoireachta. Is é an sprioc atá aige na spriocanna a leagtar amach i Straitéis IMO 2023 maidir le hAstaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú a bhaint amach, dlús a chur le tabhairt isteach breoslaí, teicneolaíochtaí agus foinsí fuinnimh atá saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa agus atá nach mór neodrach ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus tacú le haistriú cóir cothrom.

4. REACHTAÍOCHT ÁBHARTHA AN AONTAIS EORPAIGH AGUS INNIÚLACHT AN AONTAIS EORPAIGH

4.1. Reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh

4.1.1. Leasuithe ar rialacháin 13 agus 14 agus ar Fhoscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL

Tá sé d'aidhm ag Treoir (AE) 2016/802 astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair ó bhreoslaí leachtacha áirithe a laghdú[2]. Féachann sí le truailliú aeir de bharr astaíochtaí díobhálacha a eascraíonn as dóchán breoslaí leachtacha ina bhfuil cion ard sulfair a chosc agus a rialú, ar truailliú é a dhéanann dochar do shláinte an duine agus don chomhshaol, agus a chuireann le deascadh aigéid. Tagraíonn Airteagail 6 agus 13 chomh maith le hIarscríbhinn I do na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le huaschion sulfair i mbreoslaí long agus astaíochtaí SOx long in uiscí an Aontais.

Leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[3], ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun 'dea-stádas comhshaoil' a bhaint amach nó a choinneáil sa mhuirthimpeallacht faoi 2020. Ciallaíonn 'dea-stádas comhshaoil' stádas comhshaoil uiscí mara i gcás ina gcuirtear aigéin agus farraigí dinimiciúla atá éagsúil ó thaobh na héiceolaíochta de ar fáil a bhuí leis na huiscí sin, aigéin agus farraigí atá glan, folláin agus táirgiúil laistigh dá ndálaí intreacha, agus i gcás ina bhfuil úsáid na muirthimpeallachta ar leibhéal atá inbhuanaithe, rud a chosnaíonn an fhéidearthacht go n-úsáidfeadh an ghlúin seo agus na glúnta atá le teacht iad nó go mbainfí leas astu i gcomhair gníomhaíochtaí (Airteagal 3(5) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí). Chun dea-stádas comhshaoil a chinneadh, is gá, *inter alia*, an t-eotrófú arb é an duine is cúis leis a íoslaghdú, go háirithe éifeachtaí díobhálacha an eotrófaithe sin, amhail caillteanais sa bhithéagsúlacht, díghrádú éiceachórais, blás algach díobhálach agus easnamh ocsaigine in uiscí grinnill. Trí ionchuir nítrigine de thionscnamh na loingseoireachta muirí a laghdú trí cheanglais Leibhéal III a chur i bhfeidhm tar éis an tAtlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar limistéar rialaithe astaíochtaí nítrigine, tacófar leis na Ballstáit den Aontas a bhfuil teorainn acu leis na farraigí sin 'dea-stádas comhshaoil' a bhaint amach faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

[2] IO L 132, 21.5.2016, lch. 58.
[3] IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

Leagtar síos sa Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[4] (arna hathbhreithniú in 2024), *inter alia*, teorainnluachanna le haghaidh NO_2 d'fhonn éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus/nó ar an gcomhshaol de dheasca truailliú aeir a sheachaint, a chosc nó a laghdú. Aithnítear sa Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach astaíochtaí truailleán ag an bhfoinse a chomhrac chun na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir sin a bhaint amach, go háirithe trí bhearta lena gcuirfí teorainn le hastaíochtaí sceite inneall ó fhoinsí éagsúla soghluaiste agus seasta trí chaighdeáin cáilíochta innill nó breosla. Tá píosaí éagsúla reachtaíochta curtha i bhfeidhm ag an Aontas lena rialaítear astaíochtaí trí bhíthin caighdeáin innill le haghaidh modhanna éagsúla iompair de bhóthar (gluaisteáin, trucailí agus veaineanna trí na caighdeáin Euro[5]) agus foinsí innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é (soithí uiscebhealaí intíre agus innill fhéinghluaiste tríd an Treoir maidir le hInnealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é[6].

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na leasuithe ar rialacháin 13 agus 14 agus Foscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le Limistéar Rialaithe Astaíochtaí a ghlacadh difear cinntitheach a dhéanamh d'ábhar Threoir (AE) 2016/802. Is amhlaidh atá toisc go ndéanfadh bunú Limistéir Rialaithe Astaíochtaí laistigh de Bhallstáit an Aontais difear do chur i bhfeidhm na Treorach seo toisc go dtagraíonn Airteagal 6, Airteagal 13 agus Iarscríbhinn I di do na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le huaschion sulfair i mbreoslaí long agus astaíochtaí SOx long in uiscí an Aontais.

4.1.2. Leasuithe ar rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL

Le Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar[7] (Rialachán MRV an Aontais) bunaítear an creat dlíthiúil le haghaidh chóras an Aontais chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT (MRV). Tá sé d'aidhm ag an Rialachán sonraí láidre infhíoraithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus táscairí éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar, lucht ceaptha beartas a chur ar an eolas agus glacadh teicneolaíochtaí agus iompraíochta atá fuinneamhéifeachtúil ar an margadh a spreagadh. Déantar é sin trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní margaidh amhail easpa faisnéise. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2015. Feabhas a chur ar inrochtaineacht Bhunachar Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) don phobal i gcoitinne agus clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le laghdú GCT a thabhairt isteach, a bhfuil sé d'aidhm aige déine carbóin na loingseoireachta idirnáisiúnta a laghdú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an leibhéal uaillmhéine a leagtar amach i Straitéis IMO maidir le hastaíochtaí GCT ó longa a laghdú. Feabhas a chur ar chomhsheasmhacht/cáilíocht na sonraí a thuairiscítear faoi DCS in DCS IMO agus rochtain ar shonraí don phobal i gcoitinne a leathnú, tá impleachtaí acu sin ar bhailiú agus ar thuairisciú sonraí maidir le hídiú ola breosla long, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh d'fhaireachán, fíorú agus tuairisciú astaíochtaí GCT ó loingseoireacht faoi Rialachán MRV an Aontais.

---

4 IO L 152, 11.6.2008, lch. 1.

5 Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí [IO L 171, 29.6.2007, lch. 1] agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí [IO L 188, 18.7.2009, lch. 1]

6 IO L 59, 27.2.1998, lch. 1.

7 IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.

Leagtar síos i nDlí Aeráide an Aontais[8] spriocanna ceangailteacha aeráide de chuid an Aontais (i gcomparáid le 1990) maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus 90 % faoi 2040 (togra ón gCoimisiún). Cuimsítear leis freisin aidhm na haeráidneodrachta faoi 2050 agus sprioc uaillmhianach maidir le glanastaíochtaí diúltacha i ndiaidh an ama sin.

Ar bhonn tograí ón gCoimisiún maidir leis an bpacáiste *Oiriúnach do 55* maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú, ghlac reachtóirí an Aontais na gníomhartha dlí seo a leanas a dhírítear go sonrach ar astaíochtaí GCT ón earnáil loingseoireachta:

- an t-athbhreithniú ar Threoir 2003/87/CE maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh[9] le Treoir (AE) 2023/959 chun CTA AE[10] a leathnú chun earnáil an mhuiriompair a chumhdach chun go gcuirfí i bhfeidhm í ón 1 Eanáir 2024, (in éineacht leis na leasuithe is gá ar Rialachán MRV an Aontais,[11] chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha faireacháin agus tuairiscithe, trí athbhreithniú a dhéanamh freisin ar na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe ábhartha).
- Dírítear le Rialachán (AE) 2023/1805 ar bhreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid san earnáil mhuirí[12] (Rialachán Muirí FuelEU) agus sainordaítear leis glacadh na mbreoslaí sin ag longa a thagann isteach i gcalafoirt de chuid an Aontais iarratas a dhéanamh amhail ón 1 Eanáir 2025.

Le comhlíonadh na n-oibleagáidí nua a eascraíonn as leathnú Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) chuig iompar muirí agus Rialachán Muirí FuelEU, cuirfear leis an gcóras faireacháin, tuairiscithe agus físeáin arna bhunú le Rialachán an Aontais maidir le MRV.

Tá nasc láidir idir na gníomhartha sin de chuid an Aontais agus bearta IMO maidir le GCT amhail Córas Bailithe Sonraí IMO, an tInnéacs maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh na Long atá ann cheana (EEXI), agus an Táscaire um Dhéine Carbóin (CII) a bhfuil sé d'aidhm acu faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú maidir le tomhaltas breosla agus maidir le héifeachtúlacht fuinnimh theicniúil agus oibríochtúil long in aghaidh na loinge.

Aon bheart IMO maidir le hábhair GCT, lena dteastóidh faireachán, físeáin agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT ó loingseoireacht, d'fhéadfadh sé dul i gcion ar Rialachán an Aontais maidir le MRV chomh maith le Treoir an Aontais maidir le CTA agus Rialachán Muirí FuelEU.

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach'). IO L 243, 9.7.2021, lgh. 1–17.

[9] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32–46

[10] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134–202

[11] Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105–114

[12] IO L 234, 22.9.2023, lch. 48.

Dá bhrí sin, na leasuithe ar rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le hinrochtaineacht Bhunachar Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) agus clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le laghdú GCT, d'fhéadfaidís difear cinntitheach a dhéanamh do na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2015/757, Rialachán (AE) 2023/1805 agus Treoir (AE) 2023/959.

4.1.3. An chaibidil 5 nua a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL a thabhairt isteach

Le Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE[13] lena mbunaítear an creat dlíthiúil le haghaidh chóras AE chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT agus ar éifeachtúlacht fuinnimh ón loingseoireacht (Rialachán MRV). Tá sé d'aidhm ag an Rialachán sonraí láidre infhíoraithe maidir le hastaíochtaí GCT a sholáthar, lucht ceaptha beartas a chur ar an eolas agus glacadh teicneolaíochtaí agus iompraíochtaí atá fuinneamhéifeachtúil ar an margadh a spreagadh. Déantar é sin trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní margaidh amhail easpa faisnéise.

Leagtar síos i nDlí Aeráide an Aontais[14] spriocanna ceangailteacha aeráide de chuid an Aontais (i gcomparáid le 1990) maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa—astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint—a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus 90 % faoi 2040 (togra ón gCoimisiún). Cuimsítear leis freisin aidhm na haeráidneodrachta faoi 2050 agus sprioc uaillmhianach maidir le glanastaíochtaí diúltacha i ndiaidh an ama sin.

Ar bhonn tograí ón gCoimisiún maidir leis an bpacáiste *Oiriúnach do 55* maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú, ghlac reachtóirí an Aontais na gníomhartha dlí seo a leanas a dhírítear go sonrach ar astaíochtaí GCT ón earnáil loingseoireachta:

- an t-athbhreithniú ar Threoir 2003/87/CE maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh[15] le Treoir (AE) 2023/959 chun CTA AE[16] a leathnú chun earnáil an mhuiriompair a chumhdach lena chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024, (in éineacht leis na leasuithe is gá ar Rialachán MRV an Aontais,[17] chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha faireacháin agus tuairiscithe, trí athbhreithniú a dhéanamh freisin ar na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe ábhartha).

---

13 IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.

14 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach'). IO L 243, 9.7.2021, lgh. 1–17.

15 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32–46

16 Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134–202

17 Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105–114

- Dírítear le Rialachán (AE) 2023/1805[18] (Rialachán Muirí FuelEU) ar bhreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid san earnáil mhuirí agus sainordaítear leis glacadh na mbreoslaí sin ag longa a thagann isteach i gcalafoirt de chuid an Aontais iarratas a dhéanamh ón 1 Eanáir 2025.

Le comhlíonadh na n-oibleagáidí nua a eascraíonn as leathnú CTA AE chun iompar muirí agus Rialachán Muirí FuelEU a chumhdach, cuirfear leis an gcóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoriúcháin arna bhunú le Rialachán an Aontais maidir le MRV.

Tá clásail athbhreithnithe i dTreoir an Aontais maidir le CTA agus sa Rialachán Muirí FuelEU araon maidir leis an gcás ina nglacfaidh IMO caighdeán domhanda breosla nó beart margadhbhunaithe. Níos cruinne fós:

- Sonraítear in Airteagal 30(5) de Rialachán Muirí FuelEU, i gcás ina nglacfaidh IMO caighdeán domhanda maidir le breosla GCT nó teorainneacha domhanda maidir le déine GCT don fhuinneamh a úsáidtear ar bord long, go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Sa tuarascáil sin, scrúdóidh an Coimisiún an beart domhanda sin a mhéid a bhaineann lena uaillmhian i bhfianaise chuspóirí Chomhaontú Pháras agus a shláine chomhshaoil fhoriomlán. Scrúdóidh sé freisin aon saincheist a bhaineann le nascadh agus ailíniú féideartha an Rialacháin seo leis an mbeart domhanda sin, lena n-áirítear an gá atá le rialáil dhúblála ar astaíochtaí GCT ó mhuiriompar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a sheachaint. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú a bheith ag gabháil leis an tuarascáil, agus í sin i gcomhréir le gealltanais an Aontais maidir le hastaíochtaí GCT ar fud an gheilleagair, darb aidhm sláine chomhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht aeráide an Aontais a chaomhnú.
- sonraítear in Airteagal 3gg(1) de Threoir an Aontais maidir le CTA, i gcás ina nglacfaidh IMO beart domhanda margadhbhunaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a laghdú, go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir seo i bhfianaise an bhirt sin a glacadh. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de 18 mí ón dáta a ghlacfar an beart domhanda margadhbhunaithe sin agus sula mbeidh sé oibríochtúil. Sa tuarascáil sin, scrúdóidh an Coimisiún an beart domhanda margadhbhunaithe a mhéid a mhéid a bhaineann leis seo a leanas: (a) a uaillmhian i bhfianaise chuspóirí Chomhaontú Pháras; (b) a shláine comhshaoil fhoriomlán, lena n-áirítear i gcomparáid le forálacha na Treorach seo lena gcumhdaítear iompar muirí, agus agus (c) aon saincheist a bhaineann le comhleanúnachas CTA AE agus an beart sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur leis an tuarascáil chun leasú a dhéanamh ar an Treoir seo ar bhealach atá comhsheasmhach le sprioc aeráide 2030 an Aontais agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 agus é d'aidhm aige sláine comhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais ar son na haeráide a chaomhnú, chun comhleanúnachas a áirithiú idir cur chun

[18] Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 48–100

feidhme birt dhomhanda margadhbhunaithe agus CTA AE, agus aon ualach dúbailte mór á sheachaint.

Aon bheart IMO maidir le hábhair GCT, lena dteastóidh faireachán, fíorú agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT ó loingseoireacht, d'fhéadfadh sé dul i gcion ar Rialachán an Aontais maidir le MRV chomh maith le Treoir an Aontais maidir le CTA agus Rialachán Muirí FuelEU.

Dá bhrí sin, leis an gcaibidil 5 nua a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le creat glan-nialasachta IMO, d'fhéadfadh sé difear cinntitheach a dhéanamh do na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2015/757, Rialachán (AE) 2023/1805 agus Treoir (AE) 2023/959.

4.2. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh

Baineann ábhar an ghnímh atá beartaithe le réimse a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE ós rud é gur dócha go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe 'difear do chomhrialacha nó go n-athróidh siad a raon feidhme'.

5. AN BUNÚS DLÍ

5.1. Bunús dlí don nós imeachta

5.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') déantar foráil maidir le cinntí lena suitear *'na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, i gcás ina n-iarrfar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[19].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Baineann sé, go háirithe, leis an gcás ina bhforáiltear sa chomhaontú idirnáisiúnta lena mbunaítear an comhlacht go mbeidh a chinntí ina gceangal ar na páirtithe. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás ina dtugann an comhaontú idirnáisiúnta an chumhacht don chomhlacht gnéithe áirithe den chomhaontú nó a iarscríbhinní a leasú.

5.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é Coiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-rialtasach.

Is leasuithe ar Iarscríbhinn VI de Choinbhinsiún MARPOL iad na gníomhartha atá beartaithe a iarrtar ar an gcoiste IMO sin a ghlacadh. Beidh na leasuithe sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 1 den Choinbhinsiún.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

[19] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

5.2. Bunús dlí substainteach

5.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús substaintiúil dlí do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

5.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is é IMO sainghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe a bunaíodh le Coinbhinsiún, an Coinbhinsiún IMO, agus tá freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc.

De réir Choinbhinsiún IMO, is é is cuspóir don Eagraíocht innealra a sholáthar le haghaidh comhair i measc Rialtas i réimse na rialála rialtais agus cleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingseoireacht atá i mbun trádáil idirnáisiúnta; glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa.

Glacfaidh Coiste CCCM IMO leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Coinbhinsiún MARPOL, arb é an príomhchoinbhinsiún idirnáisiúnta é lena gcumhdaítear truailliú na muirthimpeallachta ag longa ar chúiseanna oibríochtúla nó de thaisme.

Dírítear leis na leasuithe sin ar astaíochtaí ó loingseoireacht idirnáisiúnta a chosc, a laghdú agus a rialú, agus nascacht dhomhanda a chur chun cinn tríd an muiriompar an tráth céanna.

Leis na leasuithe thuasluaite ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Coinbhinsiún MARPOL, saothraítear roinnt cuspóirí i réimsí an mhuiriompair agus an chomhshaoil atá i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith tánaisteach ná indíreach i gcomparáid leis an gceann eile. Dá bhrí sin, ní mór na bunúis dlí shubstainteacha chomhfhreagracha, mar atá Airteagail 100(2) agus 192(1) CFAE araon, a chuimsiú i mbunús dlí substainteach an chinnidh.

5.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) agus (1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) agus 192(1) de CFAE, a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atáthar a mholadh.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an dara seisiún urghnách den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) agus 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (‘IMO’) i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

(2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht agus slándáil loingis agus as truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc. Tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. Níl an tAontas ina chomhalta de IMO.

(3) De bhun Airteagal 38 (a) den Choinbhinsiún um IMO, déanann an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) na feidhmeanna sin a thugtar do IMO nó a d’fhéadfaí a thabhairt do IMO le coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le truailliú muirí ó longa a chosc agus a rialú, nó faoi na coinbhinsiúin sin, go háirithe i dtaca le glacadh agus leasú rialachán nó forálacha eile. Le linn an dara cruinniú urghnách a bheidh aige, glacfaidh CCCM leasuithe ar MARPOL i gcomhréir le hAirteagal 16, mír (2), fophointí (b), (c) agus (d).

(4) Tá Coiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí, sa dara seisiún urghnách a bheidh aige ón 14 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2025, le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) maidir leis an Atlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar nua Rialaithe Astaíochtaí (Rialacháin 13 agus 14 agus Foscríbhinn VII), maidir le hinrochtaineacht Bhunachar Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) agus clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le laghdú GCT (rialacháin 20, 25, 27 agus 28), agus maidir le Creat Glan-Nialasachta IMO (Caibidil 5 nua).

(5) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag gníomhartha CCCM atá beartaithe.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú le linn an tseisiúin úrghnáigh de Coiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí, ós rud é gur féidir, leis na gníomhartha atá beartaithe, tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil i ndlí an Aontais, mar atá Treoir (AE) 2016/802 a bhaineann le laghdú ar an

gcion sulfair i mbreoslaí leachtacha áirithe[1], Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar[2], Treoir (AE) 2023/959 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta do chóras trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a bhunú agus a fheidhmiú[3], Rialachán (AE) 2023/1805 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar[4]

(7) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar Rialacháin 13 agus 14 agus ar Fhoscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL toisc go rannchuideoidh siad le hastaíochtaí NO_x, SO_x agus PM ó longa a chosc, a laghdú agus a rialú chun tairbhí gaolmhara sláinte agus comhshaoil a bhaint amach agus an tionchar eacnamaíoch ar an earnáil mhuirí a choinneáil inláimhsithe an tráth céanna. Tacóidh an tAontas freisin leis na leasuithe ar Rialachán 27 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, toisc go gcuirfidh siad tuilleadh feabhais ar inrochtaineacht shonraí IMO DCS chun cur chun feidhme láidir chreat CII a áirithiú agus chun a athbhreithniú a éascú. Tacóidh an tAontas leis na leasuithe ar rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, toisc go n-eascraíonn siad as glacadh Straitéis IMO 2023 maidir le GCT agus as tabhairt chun críche an athbhreithnithe ar na Bearta Gearrthéarmacha ag IMO agus is féidir athbhreithniú breise a dhéanamh leo ar na rialacháin sin. Ba cheart don Aontas tacú le tabhairt isteach na caibidle 5 nua a ghabhann le hIarscríbhinn VI de MARPOL toisc go gcuimsítear inti forálacha atá ceaptha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ó loingseoireacht idirnáisiúnta a laghdú a bhfuil sé d'aidhm acu glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa (GCT) a bhaint amach faoi 2050. Beidh sí ina bunús láidir freisin le haghaidh aistriú fuinnimh riachtanach na loingseoireachta. Is é an sprioc atá aici na spriocanna aeráide a leagtar amach i Straitéis IMO 2023 maidir le hAstaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú a bhaint amach, dlús a chur le tabhairt isteach breoslaí, teicneolaíochtaí agus foinsí fuinnimh atá saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa agus atá nach mór neodrach ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus tacú le haistriú cóir cothrom.

(8) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina bPáirtithe de IMO agus ag an gCoimisiún, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa dara seisiún urghnách de Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ('IMO') a chomhaontú go nglacfar leasuithe ar an méid seo a leanas:

(a) na leasuithe ar rialacháin 13 agus 14 agus ar Fhoscríbhinn VII a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir leis an Atlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar nua um Rialú Astaíochtaí (ECA),

1 IO L 132, 21.5.2016, lch. 58.
2 IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.
3 IO L 130, 16.5.2023, lch. 134.
4 IO L 234, 22.9.2023, lch. 48.

(b) na leasuithe ar rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le hinrochtaineacht Bhunachar Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) agus clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le GCT a laghdú, agus

(c) tabhairt isteach na caibidle 5 nua in Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le Creat Glan-nialasachta IMO.

Airteagal 2

An Coimisiún agus Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad den Choiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán